Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**13480/26**

**UD 258**
**ENFOCUSTOM 113**
**FISC 310**
**ECOFIN 1206**
**MI 922**
**COMER 136**
**TRANS 575**
**RESPR 39**
**DELACT 155**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6694 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 21.9.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhéid tháille láimhseála an Aontais a shuí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6694 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 6694 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.9.2026
C(2026) 6694 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 21.9.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhéid tháille láimhseála an Aontais a shuí**

{SWD(2026) 283 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Bunaítear leis an nGníomh Tarmligthe seo méid tháille láimhseála an Aontais. Ba cheart táille láimhseála an Aontais a bheith comhfhreagrach do na neaschostais a thabhófar i leith na ngníomhaíochtaí uile is gá a bhfuil dlúthbhaint acu leis an maoirseacht chustaim a dhéanamh d'fhonn earraí a dhíoltar i gciandíolachán a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Ba cheart a áireamh i dtáille láimhseála an Aontais na costais mheasta uile a thabhófar go díreach agus go hindíreach agus na gníomhaíochtaí imréitigh á ndéanamh, agus ar a laghad na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanfaidh na húdaráis chustaim: na sonraí oibríochtaí a bhailiú, a phróiseáil agus a fhíorú, anailís riosca, seiceálacha, anailís agus fíoruithe a dhéanamh, an bonneagar ábhartha a chur ar fáil lena n-áirítear maoiniú an bhonneagair, agus rialuithe a dhéanamh, lena n-áirítear na seirbhísí gaolmhara uile arna soláthar ag Údarás Custaim an Aontais.

De bhun Airteagail 20(4) agus 287(5) de Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Cód), beidh feidhm ón 1 Iúil 2028 ag táille láimhseála eile de chuid an Aontais maidir le hearraí a scaoiltear tar éis iad a bheith curtha i stóras custaim le haghaidh ciandíolacháin. Ós rud é go bhféadfadh staid na gcostas agus sreabhadh na n-earraí ábhartha a bheith éagsúil go dtí sin, ní bhunaítear leis an ngníomh tarmligthe seo go fóill méid na táille láimhseála a bhfuil feidhm aici maidir le hearraí a stóráiltear i stórais chustaim le haghaidh ciandíolacháin.

D'fhonn méid tháille láimhseála an Aontais a shuí, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais arna dtabhú ag údaráis chustaim na mBallstát agus ag an gCoimisiún agus ar an bhforbairt i méid na n-earraí nach mó a luach ná EUR 150 agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht san Aontas, ós rud é gurb é sin an athróg ionadach is fearr chun meastachán a dhéanamh ar mhéid na n-earraí a dhíoltar i gciandíolachán. Is cur chuige coimeádach é sin, ós rud é nach dtugtar cuntas ar chiandíolachán ar mó a luach ná EUR 150, cé go bhfuil siad faoi réir na táille láimhseála freisin. Na costais mheasta uile a thabhófar go díreach agus go hindíreach as na seirbhísí arna soláthar ag na húdaráis chustaim, ní mór na costais uile sin a chumhdach le táille láimhseála an Aontais.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin leis na Ballstáit maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe seo trí chruinnithe den ghrúpa saineolaithe (an Sainghrúpa um Athchóiriú Custaim).

Rinne an Coimisiún breithniú gníomhach ar na barúlacha uile a fuarthas le linn an chomhairliúcháin sin, agus, a mhéid ab fhéidir, chuir sé san áireamh iad sa leagan a chuirtear ar fáil leis seo.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is sa tarmligean cumhachta dá bhforáiltear in Airteagail 20(10) agus 282 den Chód atá bunús dlí an Rialacháin seo.

**Prionsabal na coimhdeachta**

Tagann an gníomh tarmligthe seo faoi inniúlacht eisiach an Aontais de réir Airteagal 3(1)(e) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

**Prionsabal na comhréireachta**

Ó thaobh na comhréireachta de, urramaítear leis an Rialachán seo teorainneacha na gcumhachtuithe a dheonaigh na comhreachtóirí.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21.9.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhéid tháille láimhseála an Aontais a shuí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013[1], agus go háirithe Airteagal 20(10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 20(2) de Rialachán(AE) 2026/2108, suitear táille láimhseála de chuid an Aontais is infheidhme i leith trádáil le tríú tíortha. Is éard a bheidh sa táille sin méid socraithe in aghaidh an earra le haghaidh na seirbhísí a sholáthrófar chun iarraidh a láimhseáil maidir le hearraí a chur faoin nós imeachta um scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcás ina ndíoltar na hearraí sin i gciandíolachán le custaiméir i gcríoch chustaim an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, lena n-áirítear custaiméir sna codanna sin den chríoch chustaim nach bhfuil feidhm ag Treoracha 2006/112/CE[2] ná (AE) 2020/262 ón gComhairle[3] maidir leo (críocha fioscacha speisialta).

(2) De bhun Airteagal 20(3) de Rialachán(AE) 2026/2108, comhfhreagróidh méid tháille láimhseála an Aontais do neaschostais na seirbhísí a sholáthrófar, go háirithe an costas a bhaineann le fíorú sonraí, anailís riosca, rialuithe agus bonneagar ábhartha, lena n-áirítear seirbhísí ábhartha arna soláthar ag Údarás Custaim an Aontais. Leagfar amach na costais sin i dtuarascáil a ullmhóidh an Coimisiún gach 2 bhliain i gcomhréir le hAirteagal 20(8) de Rialachán (AE) 2026/2108. Tá gá leis an tuarascáil sin chun a áirithiú go léirítear le méid tháille láimhseála an Aontais na neaschostais arna dtabhú ag na húdaráis chustaim, rud a chuireann ar a chumas don Choimisiún leibhéal na táille a athbhreithniú agus a choigeartú go tréimhsiúil.

(3) Sa 2 bhliain atá amach romhainn, cuimsítear sa chéad tuarascáil ón gCoimisiún lena gcumhdaítear an tréimhse 2026-2028 meastacháin ar na costais le haghaidh nam Ballstát agus an Choimisiúin araon i ndáil le córais chustaim dhigiteacha ábhartha, chomh maith leis an gcion den fhoireann chustaim a bhíonn ag déileáil le himréiteach, rialuithe custaim, iniúchtaí agus próisis iarscaoilte, a mhéid a shanntar dóibh sonraí a sheiceáil, anailís riosca a dhéanamh agus na rialuithe custaim is gá a dhéanamh ar earraí a dhíoltar i gciandíolachán. Déanfaidh na Ballstáit infheistíocht freisin i dtrealamh ríomhthráchtála tar éis na nglaonna ar dheontais ón Aontas chun trealamh custaim a mhaoiniú. Tá an maoiniú sin ón Aontas san áireamh sa mheastachán costais.

---

[1] [Cuir isteach tagairt iomlán, IO L , , lch. ].

[2] Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).

[3] Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/262/oj).

Os a choinne sin, ní áirítear ar na costais atá le cur san áireamh infheistíocht na mBallstát i mbonneagar rialuithe a mhaoinítear ón mbuiséad náisiúnta go heisiach ná costais arna dtabhú ag údaráis um fhaireachas margaidh agus seiceálacha comhlíontachta á ndéanamh acu ar earraí a thagann isteach i margadh an Aontais i gcás nach bhfuil na húdaráis sin ag gníomhú mar údarás ainmnithe faoi Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Meastar go bhfuil an measúnú ar na heilimintí costais measartha toisc go bhfuil sé bunaithe ar thoimhdí coimeádacha. Ina theannta sin, ba cheart méid na táille a bheith bunaithe ar shonraí stairiúla agus ar na sonraí is déanaí atá ar fáil. Ar an gcaoi chéanna, rinneadh réamh-mheastachán réasúnta atá chomh réadúil agus is féidir ar mhéid na n-earraí allmhairithe ó chiandíolachán a bhfuil coinne leo sna blianta atá romhainn. Ar an mbonn sin, meastar go bhfuil táille láimhseála de chuid an Aontais de EUR 2 in aghaidh an earra i gcomhréir leis na neaschostais a bhaineann go dlúth le maoirseacht chustaim na n-earraí sin.

(4) Leagtar síos le hAirteagal 287(4) de Rialachán (AE) 2026/2108 go mbeidh feidhm ag táille láimhseála an Aontais ó 10 lá tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe ón gCoimisiún lena suitear méid na táille. Ar chúiseanna soiléireachta dlíthiúla agus comhleanúnachais, is gá, dá bhrí sin, dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ailíniú leis an gceanglas sin. Chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag an Rialachán seo gan mhoill agus chun aon chur isteach ar chur i bhfeidhm tháille láimhseála an Aontais a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige an 10ú lá tar éis an teacht i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Méid tháille láimhseála an Aontais**

EUR 2 in aghaidh an earra a bheidh i méid tháille láimhseála an Aontais a leagtar síos in Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2026/2108.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta a chomhfhreagraíonn don ‘10ú lá tar éis theacht i bhfeidhm/fhoilsiú an Rialacháin’].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

[4] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*